

Ceapadh

# an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Feabhra 2026

# Bord Iascaigh Mhara

Is é an Bord Iascaigh Mhara (BIM), a bunaíodh faoin Acht Iascaigh Mhara sa bhliain 1952, an ghníomhaireacht Stáit Éireannach atá freagrach as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt, agus oibríonn sé faoi choimirce na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tá Ceannoifig Bhord Iascaigh Mhara i nDún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath. D'fhonn tacú leis an earnáil bia mara, tá cuid d'fhoireann BIM lonnaithe go straitéiseach sna pobail cois cósta a mbíonn siad ag freastal orthu, lena n-áirítear oifigí i nGaillimh agus sna Cealla Beaga. Ina theannta sin, tá dhá Choláiste Náisiúnta Oiliúna BIM lonnaithe sa Chaisleán Nua, Co. Dhún na nGall agus i mBaile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí. Chomh maith leis sin, tá oifigí réigiúnacha againn timpeall an chósta. Agus buiséad €54 mhilliún agus breis agus 130 ball foirne againn, táimid ag obair le seachtó bliain anuas chun tacú le tionscal bia mara na hÉireann agus chun é a fhorbairt.

Is é ár bhfís earnáil Bia Mara na hÉireann a chumasú trínár dtacaíocht éifeachtach agus trínár saineolas domhain ionas go mbeidh Éire chun tosaigh ar an gcuid eile den domhan ó thaobh táirgí difreáilte ardluacha iad, ar táirgí iad a shásaíonn an t-éileamh méadaitheach ar bhia mara atá sláintiúil agus sábháilte agus a tháirgtear ar bhealach freagrach inbhuanaithe.

## Ár Misean

Tacú le méadú ar chruthú luacha in earnáil bia mara inbhuanaithe na hÉireann, ar fud an tslabhra soláthair, ón ngabháil go dtí an tomhaltóir, agus an méadú sin a chumasú.

## Ár bhFís

Oibrímid i gcomhpháirt le hearnáil bia mara na hÉireann ar gach slí is féidir, ag obair dúinn go hintinneach agus go práinneach, chun sainaithint agus brú chun cinn a dhéanamh na hathruithe is gá chun a todhchaí inbhuanaithe a chinntiú.

## Ár Straitéis

Tá sé mar aidhm le **Straitéis BIM don tréimhse 2022 go 2026** ár misean agus ár bhfís a chomhlíonadh i gcomhthéacs na tréimhse thar a bheith dúshlánach seo don earnáil. Leagtar amach inár straitéis ceithre sprioc a bhfuil sé mar aidhm leo ár gcuid oibre a athshainiú agus an earnáil a athmhúnlú go dearfach dá bharr. Faigheann na spriocanna sin tacaíocht ó cheithre chur chuige nua i leith na slí a n-oibrímid – ar dá mbarr a thiocfaidh athrú ar chultúr agus tionchar BIM mar eagraíocht.



# An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

### Faisnéis faoin Ról

Ag tuairisciú don Bhord dó/di, beidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin i gceannas ar an gcéad straitéis eile de chuid BIM a fhorbairt agus a chur i gcrích i ndlúthchomhar leis an bhfoireann ardbhainistíochta, i gcomhthéacs na timpeallachta oibriúcháin a bhíonn ag athrú don earnáil bia mara, agus i gcomhthéacs na ndeiseanna éiritheacha i réimsí amhail an phróiseáil bia mara agus an dobharshaothrú. Chun an ról a chomhlíonadh, teastóidh ceannaireacht láidir inchreidte ar fud na hearnála bia mara, rud a bhrúfaidh cur chun feidhme éifeachtach agus torthaí intomhaiste chun cinn. Mar chumarsáidí a bhfuil iontaoibh ann/inti agus a bhfuil tionchar aige/aici, déanfaidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin caidreamh muiníneach leis an tionscal, leis an Rialtas, agus le geallsealbhóirí eile chun tacú le cuspóirí beartais náisiúnta a bhaint amach agus chun ról ceannaireachta BIM san earnáil a threisiú.

## Príomhfhreagrachtaí

### Ceannaireacht Straitéiseach agus Forbairt Straitéiseach

- Dul i gceannas ar dhearadh, comhairliúchán, forbairt agus cur chun feidhme na straitéise nua ó BIM don tréimhse ón mbliain 2027 ar aghaidh, agus soiléire físe, uaillmhian agus torthaí intomhaiste atá ailínithe le beartas an Rialtais á gcinntiú.
- Rannpháirtíocht ar fud na hearnála a éascú, lena n-áirítear príomh-gheallsealbhóirí agus comhpháirtithe seachtracha, chun bonn eolais a chur faoi thosaíochtaí straitéiseacha agus chun iad a bhailíochtú.
- Ceannaireacht a sholáthar ar fud na heagraíochta agus na hearnála i gcoitinne, agus geallsealbhóirí á n-ailíniú le treo straitéiseach coiteann trí chumarsáid shoiléir, trí thionchar agus trí bheartú tosaíochta.

### Cur Chun Feidhme agus Faireachán

- A chinntiú go gcuirtear tosaíochtaí straitéiseacha chun feidhme trí chláir shainithe, agus garspriocanna soiléire, tomhais shoiléire feidhmíochta agus socruithe soiléire tuairiscithe ag gabháil leo.
- A chinntiú go bhfuil struchtúir, córais, beartais agus teicneolaíochtaí cuí i bhfeidhm san eagraíocht chun an straitéis a chur i ngníomh go héifeachtach agus chun rioscaí a bhainistiú.
- An t-eolas is deireanaí a ullmhú agus a chur i láthair don Bhord ar bhealach cuimsitheach maidir le feidhmíocht i gcomparáid le spriocanna comhaontaithe, maidir le dúshláin agus, nuair is infheidhme, maidir le coigeartuithe beartaithe.

### Ceannaireacht Oibriúcháin agus Daoine

- Ceannaireacht atá láidir agus infheicthe agus atá bunaithe ar luachanna a sholáthar, agus cultúr ionracais, comhoibrithe, cuntasachta agus feabhsúcháin leanúnaigh á chothú.
- Cumas na heagraíochta a thógáil trí phleanáil fórsa saothair, trí fhorbairt ceannaireachta agus trí phleanáil chomharbais.
- Cultúr feidhmíochta lena ngabhann cuspóirí soiléire, aiseolas agus cuntasacht a leabú ar fud na heagraíochta.
- A chinntiú go gcuirtear clár agus seirbhísí i ngníomh go héifeachtach, agus difear inláimhsithe á dhéanamh don tionscal agus do phobail chósta.
- Éifeachtúlacht oibriúcháin, cáilíocht seirbhíse agus nuálaíocht a bhrú chun cinn ar fud BIM.
- Formhaoirseacht a dhéanamh ar thionscnaimh infheistíochta, ar thionscnaimh claochlaithe dhigitigh agus ar thionscnaimh athruithe chun tacú le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach na heagraíochta.



## Príomhfhreagrachtaí (ar lean.)

### Ceannaireacht Earnála agus Caidreamh le Geallsealbhóirí

- Gníomhú mar phríomhambasadóir BIM, agus an clú ar an eagraíocht agus tionchar na heagraíochta á neartú sa tír seo agus thar lear.
- Caidrimh láidre iontaofa a thógáil agus a chothabháil leo seo a leanas:
  - Cathaoirleach agus Bord BIM
  - Oifigigh shinsearacha sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.
  - Comhlachtaí ionadaíocha, fiontair bia mara agus pobail chósta
  - Gníomhaireachtaí Stáit agus comhlachtaí poiblí
  - Comhpháirtithe idirnáisiúnta agus institiúidí idirnáisiúnta
- Tionchar a imirt ar cheannairí tionscail agus comhoibriú leo chun nuálaíocht, cruthú luacha agus inbhuanaitheacht a bhrú chun cinn ar fud na hearnála bia mara.

### Rialachas, Cuntasacht agus Riosca

- Na caighdeáin is airde a chinntiú ó thaobh an rialachais chorparáidigh, an iompair eiticiúil, na trédhearcachta agus an chomhlíonta rialála de, lena n-áirítear comhlíonadh an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.
- Comhairle a chur ar an mBord agus ar an Rialtas maidir le tosaíochtaí forbartha earnála agus maidir leis na hacmhainní a mheastar a bheidh ag teastáil chun iad a chomhlíonadh.
- Cláir bhliantúla, buiséid bhliantúla agus tuarascálacha bliantúla feidhmíochta a ullmhú agus a chur isteach i gcomhréir leis an straitéis cheadaithe.
- Bainistíocht airgeadais, bainistíocht riosca, agus rialuithe inmheánacha atá láidir a chinntiú.
- Freastal ar chruinnithe agus coistí an Bhoird agus rannchuidiú leo, agus cathaoirleacht a dhéanamh ar fhóraim rialachais an lucht ardbhainistíochta.



## Sonraíocht faoin bPearsa

### Cumas Ceannaireachta agus Straitéiseach

- Ceannaire feidhmiúcháin shinsearaigh a bhfuil taithí aige/aici ar threo soiléir agus ceannaireacht shoiléir a sholáthar ar leibhéal na heagraíochta nó na hearnála.
- Cumas láidir smaointeoireachta straitéisí, mar aon leis an gcumas chun straitéis shoiléir, chomhtháite agus indéanta a fhorbairt agus a chur in iúl.
- Taithí ar athruithe suntasacha a stiúradh agus ar chultúr, struchtúir agus bealaí oibre aon eagraíochta a ailíniú le tosaíochtaí straitéiseacha.
- Ceannaire inchreidte agus údarásach laistigh den earnáil, a dhéanann cumarsáid go soiléir agus go héifeachtach leis an lucht tionscail, leis an Rialtas, le geallsealbhóirí agus leis na meáin.
- Breithiúnas fónta agus cumas fónta cinnteoireachta, agus an mhuinín as oibriú go héifeachtach i dtimpeallachtaí casta.

### Ceannaireacht Oibriúcháin agus Daoine

- Taithí ar fhoirne ardbhainistíochta ardfheidhmíochta a thógáil, a stiúradh, agus a chothabháil.
- Tiomantas soiléir d'fhorbairt foirne, do phleanáil chomharbais, agus do chumas na heagraíochta a thógáil.
- Díriú láidir ar chultúr eagraíochtúil dearfach a chruthú agus a chothabháil, ar cultúr é a thacaíonn le feidhmíocht, le folláine, le héagsúlacht agus le hionchuimsiú.
- Taithí ar fhormhaoirseacht a dhéanamh ar oibríochtaí, cláir agus buiséid atá casta, agus á chinntiú go gcuirtear i ngníomh iad de réir na gcuspóirí comhaontaithe agus na mbeart feidhmíochta comhaontaithe.
- An cumas chun cothromaíocht a bhaint amach idir ceannaireacht straitéiseach fhadtéarmach agus formhaoirseacht oibríochtúil éifeachtach.
- Taithí ar fheabhsuithe, nuálaíocht agus athruithe eagraíochta a bhrú chun cinn, lena n-áirítear córais, próisis nó samhlacha seirbhíse nua a thabhairt isteach.

## Sonraíocht faoin bPearsa (ar lean.)

### Tuiscint ar an Earnáil, agus Luachanna na hEarnála

- Tuiscint ar bhia mara agus ar thábhacht na hearnála bia mara do phobail chósta agus don gheilleagar i gcoitinne.
- Tuiscint láidir ar earnálacha a bhaineann le bia, le gnóthaí muirí agus le hinbhuanaitheacht, nó an cumas chun tuiscint dhomhain ar an méid sin a fhorbairt go tapa.
- Tuiscint ar luachanna earnála poiblí.




### Caidreamh le Geallsealbhóirí, agus Tionchar

- Sárscileanna cumarsáide, agus an cumas chun caidreamh a dhéanamh, tionchar a imirt, agus caidrimh éifeachtacha a thógáil ar na leibhéil is sinsearaí.
- Dea-theist ar chaidrimh chasta le geallsealbhóirí a bhainistiú, lena n-áirítear le geallsealbhóirí a bhfuil leasanna acu atá difriúil nó a thagann salach ar a chéile.
- An chreidiúnacht agus an láithreacht chun gníomhú mar ionadaí agus urlabhraí éifeachtach don eagraíocht.
- Cur chuige comhoibríoch, agus an cumas chun comhpháirtithe a thabhairt le chéile chun cuspóirí comhroinnte a bhaint amach.

### Rialachas, Cuntasacht agus Comhthéacs Earnála Poiblí

- Taithí ar oibriú ar leibhéal feidhmiúcháin shinsearaigh laistigh de thimpeallacht atá faoi stiúir rialachais, agus obair á déanamh go héifeachtach le Bord.
- Tuiscint láidir ar rialachas corparáideach, ar bhainistíocht airgeadais, ar riosca, agus ar chomhlíonadh.
- An cumas chun caidreamh cuiditheach a dhéanamh leis an Rialtas, le comhlachtaí poiblí agus le rialálaithe, agus comhairle shoiléir, chothrom agus dhea-réasúnaithe á soláthar.
- Tiomantas soiléir do na caighdeáin is airde ó thaobh an ionracais, na hiompraíochta eiticiúla agus na cuntasachta poiblí de.

### Tréithe Pearsanta

- Ardleibhéil creidiúnachta pearsanta agus údaráis phearsanta, agus inrochtaineacht agus comhbhá ag gabháil leo sin.
- Sárscileanna idirphearsanta agus éirim mhothúchánach.
- Athléimneach, inoiriúnaithe agus spreagtha ag braistint láidir cuspóra phoiblí.

**Tuarastal:** €161,877.00

**Téarma:** Conradh téarma shocraithe cúig bliana

**Seoladh Gnó:** Bord Iascaigh Mhara, Bloc 3, Campas Gnó na Cé Thiar, Seanbhóthar Dhún Laoghaire, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath, A96 A621



Seomra 101,
Teach Grafter,
10 Plás Íle,
Baile Átha Cliath 2,
Poblacht na hÉireann,
D02 HR98

perrettlaver.com

Perrett Laver

AMERICAS ASIA PACIFIC EMEA